April 2022 | GA
EAGRÁN SPEISIALTA de CESE info – CESE AR SON NA hÚCRÁINE

# Dearcadh na Cosmhuintire – S3 Podchraoladh 17 – An tsochaí shibhialta gualainn ar ghualainn i gcoinne ionsaithe na Rúise

**Ón 24 Feabhra 2022 i leith, tá an Úcráin ag déileáil leis an ionradh a rinne an Rúis uirthi. Chomh maith leis an gcabhair mhíleata agus airgeadais a thagann ó gach cearn den domhan, tá sochaithe sibhialta na hEorpa agus na hÚcráine ag obair as lámha a chéile chun cabhrú le pobail atá i ngátar. Sa phodchraoladh seo de Dhearcadh na Cosmhuintire, thugamar cuireadh d'ionadaithe ó shochaithe sibhialta na hEorpa agus na hÚcráine a gcuid scéalta a insint dúinn.**

**Mhínigh Elena Calistru, comhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an chaoi agus an fáth a bhfuil cuid mhór saoránach Rómánach ag cabhrú leis na hÚcránaigh atá ag teitheadh foscadh agus bia a aimsiú. Phléigh sí freisin ról CESE agus conas a éiríonn leis córais a bhunú go tapa chun cabhrú leis na daoine is laige trí leas a baint as an líonra cumhachtach atá aige.**

**Mhínigh Marta Barandiy, bunaitheoir na heagraíochta neamhrialtasaí *Promote Ukraine*, atá lonnaithe sa Bhruiséil agus i gCív, dearcadh na nÚcránach dúinn ar an méid atá ag titim amch sa tír. Labhair sí linn faoin gcaoi a d'athraigh a cuid oibre nuair a thosaigh an cogadh, faoin ról ríthábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta, agus faoin gcúis nach ngéillfidh muintir na hÚcráine go deo i láthair an ionróra.**

**Ar deireadh, roinn Bartosz Wieliński, Leas-Phríomheagarthóir Gazeta Wyborcza, tionchar an chogaidh ar an bPolainn linn agus an chaoi a bhfuil cur chuige nua á ghlacadh ag muintir na Polainne i leith fheiniméan na ndídeanaithe. Mhínigh sé, mar shampla, conas atá an córas scoile ag cur fáilte roimh Úcránaigh óga agus conas atá an córas sin ag cabhrú leo.**

# EDITORIAL



## Eagarfhocal

**Seasaimid go dlúth le muintir na hÚcráine**

A léitheoirí dile,

Ag an am tragóideach seo, agus fogha míleata tugtha ag an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin, seasaimid go dlúth le muintir na hÚcráine.

Le linn an tseisiúin iomlánaigh i mí an Mhárta, bhí tionchar an-chorraitheach ag ionadaithe shochaí sibhialta na hÚcráine agus

na Rúise ar an díospóireacht de dheasca an taithí pearsanta atá acu féin ar an gcogadh. *'Ní hamháin gur fogha míleata faoin Úcráin é an cogadh seo, ach coir i gcoinne na sibhialtachta atá ann freisin'*, a dúirt **Anatoliy Kinakh**, Uachtarán Chomhairle Shóisialta agus Eacnamaíoch Náisiúnta Thríthaobhach na hÚcráine. Chuaigh an méid a dúirt sé i bhfeidhm go mór ar na comhaltaí agus ar na haíonna sa seisiún iomlánach.

Thacaigh comhaltaí an Choiste leis an rún 'An cogadh san Úcráin agus an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheidh aige', léirigh siad a ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus leag siad béim ar ról na sochaí sibhialta ó thaobh cúnamh a thabhairt do mhuintir na hÚcráine agus do na dídeanaithe.

Tá an ghéarchéim dídeanaithe is mó ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann ag bagairt anois ar an Eoraip. Laistigh d'aon mhí amháin, b'éigean do 3.5 milliún dídeanaí, 1.8 milliún páiste ina measc, teitheadh as an tír. Mar sin féin, seasann an Eoraip le pobal na hÚcráine, agus tá beart á dhéanamh aici de réir na dlúthpháirtíochta.

Ó thús an chogaidh, tá cineáltas as cuimse á dhéanamh orthu siúd a theith as an Úcráin, cineáltas ar léiriú speisialta é ar an dlúthpháirtíocht, an aontacht agus an altrúchas.

Seasann an tsochaí shibhialta le muintir na hÚcráine. Tá an tsíocháin agus an tslándáil do chách á gcosaint ag pobal na hÚcráine. Níl teorainneacha ag baint leis an tragóid dhaonna seo; baineann sí linne go léir.

Tá beart a dhéanamh de réir a bhriathair ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, coiste a dhéanann ionadaíocht don tsochaí shibhialta eagraithe. Tá rún daingean ag ár gcomhaltaí agus ag a gcuid eagraíochtaí féin cabhair a thabhairt do dhídeanaithe na hÚcráine ar gach slí is féidir, agus tá ag éirí thar cionn leo déanamh amhlaidh.

Tá leathanach gréasáin speisialta atá dírithe ar an Úcráin cruthaithe againn: https://www.eesc.europa.eu/en/initiatives/eesc-ukraine, áit ar féidir leat an obair agus na tionscnaimh a fheiceáil atá á gcur i gcrích ag ár gcomhaltaí agus ag a gcuid eagraíochtaí sochaí sibhialta féin.

**Cillian Lohan, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE**



## ÓN ÚCRÁIN GO DTÍ...

**A bhuí le hobair dhochloíte chróga na n-iriseoirí, na ngrianghrafadóirí agus na gceamaradóirí a théann chuig áiteanna nach féidir linne dul, is féidir linn na heachtraí tragóideacha atá ag titim amach san Úcráin a fheiceáil lenár súile féin.**

Sheol duine acu siúd, an grianghrafadóir Polannach, **Sławek Kamiński**, grianghraif chugainn ón teorainn idir an Bhealarúis agus an Pholainn, ó chathair Rzeszów sa Pholainn agus ón teorainn idir an Pholainn agus an Úcráin in Medyka-Szeginie.

Inniu, táimid ag foilsiú an dara ceann ón teorainn idir an Pholainn agus an Úcráin. Gabhaimid buíochas leis as na heachtraí sin a léiriú dúinn. (ehp)

Grianghraf: Sławek Kaminski/GW

---

## CROÍ AN SCÉIL

Sa cholún 'Croí an scéil', iarraimid ar chomhaltaí CESE béim a leagan ar phointí de thuairim nó de thionscnamh a mheasann siad a bheith tábhachtach. An uair seo, d'iarramar ar **Veselin Mitov**, comhchathaoirleach Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine, míniú a thabhairt ar ról an ardáin agus, go háirithe, ar an gcúram atá air i gcomhthéacs an chogaidh atá ar siúl san Úcráin.

Bunaíodh Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine in 2015 ar bhonn Airteagal 469 den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Úcráin a síníodh an 21 Márta 2014, chun a chur ar chumas eagraíochtaí sochaí sibhialta ar an dá thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe. (at)

---




## 'IS É AN CHÉAD CHÚRAM ATÁ ORAINN ANOIS NÁ DÍDEANAITHE COGAIDH ÓN ÚCRÁIN A LÁNPHÁIRTIÚ I SOCHAITHE NA HEORPA'

Ó mo thaobhsa de, mar chomhchathaoirleach ar Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine, is gá na naisc idir comhaltaí an Ardáin, a dhéanann ionadaíocht ar fhostóirí, oibrithe agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, a athbhunú agus a chaomhnú. Ag an am cinniúnach seo, agus cogadh ar siúl san Úcráin, ní mór dúinn leanúint de bheith i dteagmháil le rannpháirtithe an Ardáin Sochaí Sibhialta ón Úcráin.

Má éiríonn linn naisc bhríomhara a choinneáil agus feidhmiú an líonra a áirithiú, is féidir linn dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na tosaíochtaí. Faoi láthair, ba cheart é a bheith mar phríomhchuspóir riachtanais phraiticiúla mhuintir na hÚcráine a shainaithint agus féachaint conas is féidir linne, mar chomhaltaí d'Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine, cabhrú lenár gcomhghleacaithe san Úcráin trí ghníomhartha dlúthpháirtíochta sa chás fíordheacair seo.

Ach creidimse gurb é an cúram is tábhachtaí atá orainn ná cabhrú le lánpháirtiú dídeanaithe cogaidh ón Úcráin, toisc go bhfuil níos mó ná cúig mhilliún duine tar éis teitheadh go tíortha comharsanachta agus go tíortha Eorpacha eile. Ba cheart lánpháirtiú sóisialta agus eacnamaíoch dhídeanaithe na hÚcráine a bheith ar bharr ár gcláir oibre sa chruinniú atá ar na bacáin d’Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine. Ní mór dúinn bealaí a aimsiú trínar féidir le daoine fásta agus leanaí ón Úcráin a bheith mar chuid de struchtúr sóisialta agus eacnamaíoch na dtíortha éagsúla, d'fhonn tráma an chogaidh a leigheas. Ar ndóigh, nuair a bheidh an cogadh thart, is é an chéad chéim eile a bheidh romhainn ná cabhrú leis na daoine sin lánpháirtiú ar ais arís san Úcráin.

Seasaimid le muintir na hÚcráine agus thar ceann an Ardáin Sochaí Sibhialta seo léirímid ár ndlúthpháirtíocht iomlán leo.

**Veselin Mitov, comhalta de CESE, comhchathaoirleach Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine**

# “CEIST AMHÁIN DO...”




## Ceist amháin ar...

**Inár gcolún ‘Ceist amháin ar...’, freagraíonn David Stulík, iarchomhalta de CESE, ceist ó CESE info faoi na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ag an gcogadh san Úcráin.**

Is anailísí sinsearach é **David Stulík** agus is é an ceann ar an gclár d’Oirthear na hEorpa de chuid na meithle machnaimh ‘European Values Center for Security Policy’ sa tSeicia. Tá sé ina chomhchathaoirleach ar Fhóram oifigiúil Shochaithe Sibhialta na Seicia agus na hÚcráine freisin. Roimhe sin, chaith sé 12 bhliain mar thaidhleoir de chuid an Aontais san Úcráin, áit inar oibrigh sé mar oifigeach preasa agus faisnéise. Tar éis aontachas Phoblacht na Seice leis an Aontas Eorpach, cheap rialtas Phoblacht na Seice é mar chomhalta de CESE, áit a raibh sé ina ionadaí d’earnáil neamhrialtasach na tíre. Bhí sé ina rapóirtéir don Bhealarúis chomh maith. I measc na réimsí leasa agus saineolais atá aige tá méadú agus beartas comharsanachta an Aontais, forbairt na sochaí sibhialta, beartais chumarsáide an Aontais, brústocaireacht AE, an t-idirphlé sibhialta, agus na hiarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann leis an aistriú iarchumannach. (ab)




## [David Stulík: ‘Tá rabharta dlúthpháirtíochta agus tacaíochta don Úcráin nár tharla riamh cheana á fheiceáil againn’]

***CESE info*: I bhfianaise chogadh na Rúise san Úcráin, tá iarrachtaí nach bhfacthas riamh roimhe seo á ndéanamh ag an tsochaí shibhialta chun cabhrú le muintir na hÚcráine. Cad iad na gníomhaíochtaí is suntasaí a bhaineann leis an tacaíocht mhór dhaonna a chuirtear ar fáil don Úcráin (cabhair dhaonnúil, iompar, oideachas, cóiríocht, scoileanna agus foghlaim teangacha iasachta)? Cad iad na ceachtanna ar féidir linn foghlaim ón tragóid dhaonna seo?**

**David Stulík:** Ní fhacthas riamh roimhe seo an dlúthpháirtíocht agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil san Aontas don Úcráin. Dá bhrí sin, táimid níos dóchasaí go mbeidh forlámhas ag luachanna an Aontais ar bharbarachas agus úsáid chruálach fhorneart brúidiúil na Rúise.

Is díol mór áthais an chabhair dhaonnúil atá á cur ar fáil ag muintir na hEorpa don Úcráin. Mar sin féin, ní mór dúinn aird a thabhairt ar roinnt saincheisteanna nach mór do shochaí shibhialta an Aontais a chur san áireamh.

Ar an gcéad dul síos, ní mór cabhrú le dídeanaithe na hÚcráine chun freastal ar a riachtanais uile (maidir le cóiríocht, oideachas do leanaí, poist). Táimid ag dul i ngleic le hiarmhairtí na ngníomhaíochtaí cruálacha agus na gcoireanna cogaidh arna ndéanamh ag Putin. Mar sin féin, is gá dúinn dul i ngleic le cúis na n-ainghníomhartha sin. Is é sin le rá go bhfuil réimeas Putin fós ann agus go dtacaíonn roinnt mhaith daoine sa Rúis leis.

Má éiríonn linn deireadh a chur leis sin, cuirfimid stop freisin le sreabhadh na ndídeanaithe ón Úcráin chun na hEorpa. Bheadh muintir na hÚcráine an-sásta fanacht ina dtír dhúchais agus cónaí inti faoi shíocháin.

Agus anois, dírím ar an dara gné ar cheart do shochaí shibhialta na hEorpa aghaidh a thabhairt uirthi, dar liom féin. Ní mór stop a chur le gníomhaíochtaí gan chiall cheannaireacht na Rúise.

Is gá tabhairt faoi deara go bhfuil ionsaí á dhéanamh orainn chomh maith, agus ní hamháin ar an Úcráin. Léirítear le bolscaireacht na Rúise gur muidne, an tAontas Eorpach agus NATO, an namhaid mhór agus go n-úsáidimid an Úcráin mar phuipéad i gcoinne na Rúise.

Agus an méid sin ráite, ní mór machnamh a dhéanamh ar conas is féidir deireadh a chur le réimeas Putin ar an Rúis. Ní thiocfaidh athrú ar réimeas na Rúise mar thoradh ar smachtbhannaí eacnamaíocha amháin.

Tá eagla orm gurb é an t-aon réiteach chun stop a chur le Putin ná a airm atá san Úcráin a threascairt. Ba cheart é sin a bheith ina phríomhthosaíocht faoi láthair chun go gcuirfí stop le sibhialtaigh neamhurchóideacha a mharú san Úcráin agus le leathnú amach an chogaidh chuig áiteanna eile san Eoraip. Níl aon amhras ach go mbaineann iompar ionsaitheach agus pleananna na Rúise linne chomh maith, le roinnt Ballstát ar a laghad, go háirithe iad siúd in Oirthear agus i Lár na hEorpa. Is cinnte go n-aithníonn ginearáil na Rúise muid mar ghrúpa eile ‘ar cheart ionsaí a dhéanamh air’.

Mura gcuirfear stop leis an gcogadh san Úcráin, is muidne a bheidh thíos leis go luath. Ní mór dúinn a admháil go bhfuilimid páirteach cheana féin sa chogadh sin i ndáiríre. Ar a laghad, sin an chaoi a gcuirtear ról an Aontais agus NATO in iúl i meáin na Rúise (a ndéantar cinsireacht orthu).

Dá bhrí sin, ba cheart do mhuintir na hEorpa a dhícheall a dhéanamh chun rannchuidiú le bua na hÚcráine ar an láthair chatha. Mar aon le smachtbhannaí eacnamaíocha agus smachtbhannaí eile i gcoinne na Rúise a

ghéarú, ní mór dúinn a bheith réidh chun na hacmhainní míleata uile is gá a sholáthar d’arm na hÚcráine.

Is síochánaí mé féin, ach is tréimhsí cinntitheacha iad seo inar nach mór do dhaonlathais liobrálacha iad féin a chosaint i gcoinne iad siúd a bhfuil sé ar intinn acu iad a scriosadh. Ní thuigeann na naimhde seo ach teanga an fhornirt agus an chumhacht mhíleata amháin. Níor cheart eagla ná náire a bheith orainn an méid céanna a dhéanamh, ós rud é go bhfuil ár sochaithe daonlathacha i mbaol.

# TUGAIGÍ BUILLE FAOI THUAIRIM CÉN T-AOI ATÁ AGAINN...




## An t-aoi gan choinne

**Uair sa mhí sa cholún ‘An t-aoi gan choinne’, bíonn pearsa phoiblí faoi leith á cur i láthair againn, ar foinse inspioráide í a cuid oibre agus an tiomantas atá léirithe aici. Leis an misneach, an diongbháilteacht agus an tiomantas chun gníomhú a léiríonn sí, tugann sí dea-shampla agus ní mór meas a léiriú dá crógacht ghairmiúil.**

Is í **Tetyana Ogarkova** aoi gan choinne na míosa seo, iriseoir Úcránach, ceannaire ar roinn idirnáisiúnta *Ukraine Crisis Media Center* agus comhláithreoir ar an bpodchraoladh *Explaining Ukraine*. Is léachtóir í chomh maith ag Ollscoil Mohyla Chív agus tá Dochtúireacht sa Litríocht aici ó Ollscoil Pháras-XII Val-de-Marne.

Is minic a iarrtar ar Tetyana páirt a ghlacadh i gcláir teilifíse agus raidió ar fud an domhain chun cur síos a dhéanamh ar chruachás mhuintir na hÚcráine agus léargas a thabhairt ar an tragóid dhaonna seo.

San eagrán speisialta seo de CESEinfo, roinneann sí lenár léitheoirí a cuntas pearsanta, cuntas atá níos cumhachtaí ná riamh ó tharla gur scríobhadh é san Úcráin, áit nár fhág sí d’ainneoin an chogaidh agus atá faoi léigear, cráite agus cróga. (eh)



## Tetyana Ogarkova: An cogadh deiridh ag Vladimir Putin

**Dúisíodh muid go tobann ag a cúig a chlog ar maidin an 24 Feabhra 2022. Bhí torann aisteach le cloisteáil i bhfad uainn, torann a bhí an-chosúil le  pléasadh. Bhí na páistí ina gcodladh go sámh sa leaba, ach bhí teachtaireacht i ndiaidh teachtaireachta ag teacht isteach ar na fóin. Bhí an cogadh tosaithe. Tuairiscíodh gur ionsaithe diúracán a bhí sa phléascadh – i gCív, in Kharkiv, in Ivano-Frankivsk agus i gcathracha eile ar fud na tíre.**

Ar cheann de na chéad ionsaithe bhí ionsaí a scrios foirgneamh ar shuíomh míleata in Brovary san áit a raibh cónaí ar mhúinteoir damhsa ár n-iníne is sine. Cúpla uair an chloig ina dhiaidh sin, d’imigh mé liom sa charr chun cara liom nach raibh ag freagairt an ghutháin níos mó a bhailiú. Ba thancanna arm na hÚcráine a bhí romham sa ród. D’fhág a gcriosanna boinn marcanna i dtarra an bhóthair.

Ón maidin sin an 24 Feabhra 2022, nuair a dúisíodh go tobann muid, nuair a cuireadh deireadh go deo leis an saol mar a bhí sé, níor éirigh linn go fóill titim ar ais inár gcodladh. Leathann ár súile nuair a amharcaimid thart ar an saol nua atá againn.  Le linn na chéad seachtaine den chogadh, chonaiceamar cairde linn ag titim den chéad uair i mbrollach an chatha. Chonaiceamar freisin go raibh arm na hÚcráine in ann an fód a sheasamh i gcoinne an ‘dara arm is cumhachtaí ar domhan’. Chonaiceamar muintir na hEorpa a thug airm chomh fada linn agus ag plé smachtbhannaí a chuirfí i bhfeidhm.

Leathann ár súile nuair a fheicimid cad atá ar siúl ag na Rúisigh. Agus is deacair a chreidiúint cé chomh gránna agus atá an saol ag éirí: tá saighdiúirí ag maíomh dá mná céile as meaisín caife, brat urláir nó, fiú, meaisín níocháin a ghoid sna bailte scriosta. Ní féidir linn an chruálacht atá iontu a thuiscint: scaoileann siad piléir le sibhialtaigh gan airm, déanann siad mná Úcránacha a éigniú os comhair a bpáistí agus cuireann siad na coirp trí thine. Buamálann siad ár n-ospidéil agus seolann siad diúracáin chugainn gach aon lá as éadan. Ní féidir an amaidíocht atá ar bun acu a thuiscint: le os cionn míosa, bhí trinsí á dtochailt ag a gcuid saighdiúirí sa talamh in Chernobyl, sin sula raibh orthu aistriú chuig an mBéalarúis chun cóir leighis a fháil de thoradh tinneas radaíochta, agus tá siad ag fáil bháis dá thoradh sin anois.

Leathann ár súile nuair a fheicimid an méid atá ag titim amach sa Rúis féin. Ní hé Putin amháin atá ag cur an chogaidh seo. Dar le pobalbhreith de chuid Levada-Center, tá tacaíocht 85 % de phobal na Rúise aige.
Tá sé in am aghaidh a thabhairt ar an bhfírinne lom sin. Tá toradh ar sheasamh cróga shaighdiúirí na hÚcráine agus ar chúnamh míleata agus smachtbhannaí láidre ár gcomhpháirtithe san Iarthar.

Ach ní leor iad chun an cogadh a stopadh. Is é an rud is tábhachtaí ná coinneáil ag imeacht, gan an mhisneach a chailleadh, agus gan géilleadh do shos comhraic a aontaíodh go róthapa – ar ais nó ar éigean. An tsíocháin an rud a theastaíonn uainn go léir. Tá an deis uathúil seo againn a chinntiú gurb é ionsaí barbartha seo na Rúise an cogadh deireanach a chuirfidh sí. Ní leor sos cogaidh, ní leor géilleadh i dtaobh na limistéar agus ní leor comhréiteach – murar chun ligean don Rúis bua páirteach a mhaíomh, agus cur leis an dearcadh ionsaitheach díoltasach i measc shochaí na Rúise, é.
An Tras-dnístria in 1992, an tSeoirsia in 2008, an Chrimé agus Donbas in 2014: gach tréimhse deich mbliana, cuireann an Rúis le leibhéal na ndúshlán agus na gcontúirtí a chreimeann an réigiún. Bhain an Chreimil leas as gach laige san Iarthar mar leithscéal chun leanúint ar aghaidh leis an ionsaí. Bíodh na súile in airde againn. Chun an tsíocháin a bhaint amach, ní mór dúinn leanúint ar aghaidh leis an gcogadh. An cogadh i gcoinne na Rúise.

Beidh orainn misneach a léiriú. A lán misnigh. Ní hamháin i measc shaighdiúirí na hÚcráine, ach i measc chomhpháirtithe an Iarthair freisin chun na smachtbhannaí a neartú (chun geilleagar na Rúise a scriosadh)

agus chun na hairm ionsaitheacha a bhfuil gá leo a sheachadadh chun na hÚcráine (le gur féidir trúpaí na Rúise a bhrú amach thar teorainn).

Beidh orainn a bheith diongbháilte freisin. Ní mór go bhfágfadh an diongbháilteacht sin, tar éis threascairt na Rúise, rud a tharlóidh go cinnte, go bhféadfaí a rá go bhfuil gach saoránach Rúiseach cuntasach go stairiúil as an mbarbarachas mídhaonna seo. Go n-íocfaí cúiteamh go ceann dhá ghlúin nó trí ghlúin. Go mbeadh téacsleabhair staire againn ina mbeadh cur síos mionsonraithe ar a gcoireanna cogaidh. Go mbeadh músaem de chath Mariupol, nó de chath Bucha, i lár Mhoscó.

Is tar éis an chogaidh thubaistigh seo a fhéadfar Rúis eile a chruthú; Rúis a bhfuil coimpléasc na himpireachta gortaithe, agus an dúil filleadh ar an tseanmhaorgacht le haimhleas a comharsan, curtha di aici.

Nuair a dúisíodh muid ag a cúig a chlog ar maidin an 24 Feabhra 2022, chualamar Putin á rá go raibh mar chuspóirí aige lena 'oibríocht mhíleata' deireadh a chur le 'naitsíú' agus 'míleatú' na tíre. Ach bímis dáiríre faoi. Níl aon ghá le 'dínaitsíú' ná le 'dímhíleatú' na hÚcráine. Is í an Rúis a bhfuil sin de dhíth uirthi.

# EESC NEWS




## CESE i mbun plé ar rún maidir le tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil an chogaidh san Úcráin

**An 24 Márta, ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa rún maidir leis an gcogadh san Úcráin agus an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil atá aige, i bhfianaise chruinniú mullaigh na Comhairle Eorpaí ina raibh an cogadh ar bharr an chláir oibre.**

Glacadh an rún ag an seisiún iomlánach i ndiaidh díospóireacht leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Baile, **Ylva Johansson**, agus le roinnt príomhionadaithe shochaí shibhialta na hÚcráine agus na Rúise.

Chuir na comhaltaí a ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin in iúl agus leag siad béim ar ról na sochaí sibhialta maidir le cúnamh a thabhairt do mhuintir agus do dhídeanaithe na hÚcráine.

Agus tús á chur aici leis an díospóireacht, chuir an tUachtarán **Christa Schweng** i bhfios go láidir an méid seo a leanas: 'Tá ár slándáil agus ár luachanna faoi bhagairt ag an ionradh seo, agus seasann an tAontas go

láidir leis an Úcráin mar ba cheart, agus aghaidh á tabhairt aige uirthi de mheon na haontachta agus na dlúthpháirtíochta'.

Leag an Coimisinéir Eorpach um Ghnóthaí Baile, **Ylva Johansson,** béim ar ról ríthábhachtach CESE maidir le leas a bhaint as an eolas atá aige ar an láthair. Go dtí seo, tá fáilte curtha ag an Eoraip roimh 3.5 milliún dídeanaí ón Úcráin, lena n-áirítear 1.8 milliún páiste. Is díol suntais dlúthpháirtíocht na sochaí sibhialta nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo a léirítear do dhaoine atá ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin, agus 'is údar mór bróid dúinn a bheith inár nEorpach', a dúirt Ylva Johansson.

Leag Uachtaráin na dtrí ghrúpa in CESE, arb iad rapóirtéirí an rúin chomh maith, béim ar na dúshláin fhíorthábhachtacha atá os comhair na hEorpa mar thoradh ar an gcogadh.

'Sa rún uainn, cuirimid in iúl gur díol sásaimh dúinn na gníomhaíochtaí daonnúla a rinneadh go dtí seo agus áitímid ar na Ballstáit tuilleadh a dhéanamh chun cabhrú leis an Úcráin', arsa **Stefano Mallia**, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí in CESE.

'Is é ceann de na príomhtheachtaireachtaí atá agam ná gur gá don phobal idirnáisiúnta agus don Eoraip a bheith aontaithe sa chás seo', a dúirt **Oliver Röpke**, Cathaoirleach Ghrúpa na nOibrithe.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag **Séamus Boland,** Cathaoirleach an Ghrúpa 'Éagsúlacht Eoraip': 'Is éard atá in ionradh na Rúise ar an Úcráin an t-ionsaí is foréigní gan chúis a tharla ar mhór-roinn na hEorpa ó 1939 i leith agus ní mór dúinn seasamh ina choinne'.

Bhí tionchar an-chorraitheach ag ionadaithe ó shochaí shibhialta na hÚcráine agus na Rúise ar an díospóireacht mar thoradh ar a dtaithí féin ar an gcogadh.
Tharraing bunaitheoir na gluaiseachta 'Open Russia', **Mikhail Khodorkovsky,** aird ar iarmhairtí tubaisteacha na bréagaisnéise. 'Is fúinn féin atá sé iarracht a dhéanamh an bhréagaisnéis a chomhrac, fiú lasmuigh den Rúis', ar seisean.

Thug Uachtarán Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Thrípháirteach na hÚcráine, **Anatoliy Kinakh**, 'coir in aghaidh na sibhialtachta, agus ní ionsaí míleata amháin' ar ghníomhaíochtaí na Rúise.

D'iarr **Alexander Shubin**, Cathaoirleach Ardán Shochaí Shibhialta na hÚcráine, ar an Eoraip leanúint de bheith ag tacú leis an Úcráin agus leis na huaillmhianta atá aici a bheith mar pháirt den teaghlach Eorpach.

D'iarr **Gennadiy Chyzhykov,** Uachtarán Chomhlachas Tráchtála agus Tionscail na hÚcráine, ar fhostóirí Eorpacha agus ar eagraíochtaí gnó tacú le cuideachtaí Úcránacha.

Ar deireadh, mhol **Yevgenya Pavlova** ó Thionól Náisiúnta na hÚcráine um Dhaoine faoi Mhíchumas, do dhaoine gan dearmad a dhéanamh ar mhuintir na hÚcráine atá faoi mhíchumas agus nach mór aird ar leith a dhíriú orthu. (at)

Tá téacs iomlán an rúin ó CESE ar fáil ar shuíomh gréasáin CESE.




# Tá CESE ag seasamh i ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin

**Christa Schweng, Uachtarán CESE**
Tá ionsaí á dhéanamh gan údar i gcoinne na saoirse, i gcoinne an daonlathais, i gcoinne luachanna agus i gcoinne bhunsraith an Aontais Eorpaigh atá bunaithe ar chumhacht an dlí seachas ar dhlí na cumhachta. Is tábhachtaí anois ná riamh an chúis lenar tógadh an tAontas Eorpach – is é sin an tsíocháin. Mar Eorpaigh, ní mór dúinn seasamh le chéile i ndlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine.

**Cillian Lohan, an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid**
Seasaimid i ndlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine. Is mór an meas atá agam ar an gcomhpháirtíocht láidir atá tógtha cheana idir an tAontas agus sochaithe sibhialta na hÚcráine. Ó thosaigh an cogadh, tá fairsinge speisialta flaithiúlachta atá dírithe ar dhídeanaithe na hÚcráine tagtha chun cinn, rud atá ina shampla uathúil den dlúthpháirtíocht, den aontacht agus den altrúchas. Tá an tsíocháin agus an tslándáil do chách á gcosaint ag náisiún na hÚcráine. Ní stopann an tragóid dhaonna ag teorainneacha na hÚcráine; baineann sí linn go léir.

**Giulia Barbucci, an Leas-Uachtarán um an mBuiséad**
Is cuma cén áit ar domhan ina dtarlaíonn sé, ní féidir glacadh le cogadh choíche agus caithfear é a cháineadh i gcónaí. Ní bhíonn de thoradh air ach léirscrios, bás agus uafás. San Úcráin, gar do theorainneacha an Aontais Eorpaigh, rinneadh scéal na hEorpa a chasadh siar go dtí rudaí a cheapamar a bhain leis an stair agus nach bhfeicfí go deo arís. Sa tragóid uafásach seo, tá na hinstitiúidí Eorpacha ag obair i gcomhar le chéile, ag labhairt amach i gcoinne an ionsaithe dho-ghlactha seo agus ag oscailt a ndoirse dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh, go háirithe mná, leanaí agus daoine scothaosta. Tá na bearta dlúthpháirtíochta is láidre agus is féidir déanta ag CESE agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun cabhrú le híospartaigh na n-ainghníomhartha sin. Tá dualgas ar an Aontas Eorpach ról cinniúnach a ghlacadh chun teacht ar réitigh stuama a chuirfidh deireadh leis an gcoinbhleacht, beart a dhéanamh láithreach chun an dlí a chur orthu siúd atá ciontach sna coireanna seo agus bearta sonracha a dhéanamh maidir leis an tír a atógáil.

**Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí**
Ó cuireadh tús le hionradh na Rúise ar an Úcráin, ghlac an tAontas bearta nach bhféadfaí a shamhlú cúpla mí ó shin. Leis an gcogadh san Úcráin, léirítear daonnacht an Aontais agus a shaoránach. Tá tús áite á thabhairt acu don tsaoirse agus don tsíocháin ar a gcuid leasanna féin agus ar an trádáil. Tá múscailt na hEorpa le tabhairt faoi deara ar fud an speictrim beartais. Más mian leis an Eoraip leanúint de bheith ag maireachtáil faoi shíocháin, ní mór di beartas eachtrach agus comhbheartas cosanta láidir a fhorbairt. Oscailt súl dúinn is ea an cogadh seo ar ár mor-roinn. Tá méadú ag teacht ar an móiminteam sin i dtreo an tsíocháin agus an dlúthpháirtíocht a chosaint, rud a thugann lóchrann nua don Eoraip chun mhuintir na hEorpa agus daoine eile nach iad a shlógadh. Chun leanúint de bheith ag cur leis an bhfís atá aici, bhí sé de dhíth ar an Eoraip a mian go mbeadh síocháin ann a athaimsiú. In ionad deighilt a chruthú san Eoraip, is éard atá déanta ag Putin ná muid a thabhairt le chéile chun an fhís sin a bhaint amach.

**Oliver Röpke, Cathaoirleach Ghrúpa na nOibrithe**
Is bagairt dhíreach don Aontas Eorpach é ionsaí na Rúise. Ní mór dúinn a bheith aontaithe agus seasamh gualainn ar ghualainn agus i ndlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine, leis na daoine sin atá ar a

dteitheadh mar dhídeanaithe na laethanta seo, agus le muintir na hÚcráine atá ag fanacht sa tír chun an cogadh a throid. Meabhraíonn na ceardchumainn gurb í fuil na n-oibrithe a bheathaíonn an meaisín cogaidh, agus éilíonn siad go dtarraingeofaí siar trúpaí na Rúise agus go dtabharfaí tacaíocht don tsochaí shibhialta san Úcráin agus sa Rúis araon.

**Séamus Boland, Cathaoirleach an Ghrúpa 'Éagsúlacht Eoraip'**
Tá uair na cinniúna buailte linn agus ní mór dúinn an lámh a shíneadh chuig eagraíochtaí sochaí sibhialta na hÚcráine. Tá ár luachanna agus ár bprionsabail Eorpacha i mbaol agus ní mór dúinn labhairt amach go hard i gcoinne na n-ionsaithe agus i bhfabhar na luachanna lena seasann an Eoraip ó bhí an Dara Cogadh Domhanda ann. Tá a fhios againn ón stair gur furasta an tsíochái a bhriseadh. Tá ár n-aird ar fad agus ár dtiomantas ag teastáil chuige sin. Nuair a dhéantar an tsíochái a mhilleadh, tá an cumas sa chine daonna an saol seo agus gach a bhfuil ann a scriosadh. Tá sé ríthábhachtach don Aontas Eorpach agus, go deimhin, don mhórtheaghlach Eorpach, a bheith aontaithe agus i ndlúthpháirtíocht lenár gcomharsana.

**Dimitris Dimitriadis, Cathaoirleach na Rannóige um Chaidreamh Seachtrach (REX)**
Déanfaidh CESE a dhícheall leanúint de thacaíocht a thabhairt do shochaí shibhialta na hÚcráine trí na bealaí seanbhunaithe atá againn, amhail Ardán na Sochaí Sibhialta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin agus trínár dteagmhálacha déthaobhacha.

---



## Déanfar doirse CESE a oscailt do Shochaí Shibhialta na hÚcráine

**Chun beart nithiúil a dhéanamh den dlúthpháirtíocht leis an Úcráin, tá CESE ag glacadh páirt i dtionscnamh Pharlaimint na hEorpa le haghaidh na hÚcráine ar a dtugtar 'mol na sochaí sibhialta'; tá cead á thabhairt ag CESE don eagraíocht neamhrialtasach *Promote Ukraine* cuid dá áitreabh, agus trealamh lóistíochta, a úsáid ag Rue de Trèves 74.**

Bhí an searmanas aistrithe oifigiúil ar siúl i bhfoirgneamh Jacques Delors de chuid CESE an 20 Aibreán 2022. Chuir Uachtarán CESE, **Christina Schweng**, fáilte roimh ionadaithe ó shochaí shibhialta na hÚcráine, agus bhronn sí suaitheantas siombalach 'rochtain neamhshrianta' orthu i ndathanna bhratach na hÚcráine.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag **Christa Schweng**: 'Tá CESE, ina ról mar mhol na sochaí sibhialta eagraithe san Aontas, ag oscailt a dhoirse do shochaí shibhialta eagraithe na hÚcráine, ar cuid dár dteaghlach Eorpach í. Seasaimid leis an Úcráin agus lena muintir, agus táimid ag déanamh beart nithiúil den dlúthpháirtíocht. Seasaimid le chéile chun ár gcomhluachanna – an tsaoirse, an daonlathas agus an smacht reachta – a chosaint.'

Chuir comhordaitheoir na sochaí sibhialta, **Natalia Melnyk**, béim ar an méid seo a leanas: 'D'athraigh ár saol an 24 Feabhra. Ní athrú chun feabhais é. Ní ghlacaimid le haon chomhbhrón, áfach. Tá go leor le déanamh anois agus tá súil agam go mbeimid in ann níos mó a dhéanamh san áitreabh seo chun tacú le muintir na hÚcráine. Tá an mol seo oscailte do gach Eorpach atá ag iarraidh tacaíocht a thabhairt don Úcráin.'

Chuir **Serghii Tereshko**, leascheann mhisean na hÚcráine chuig an Aontas Eorpach, leis an méid sin: 'Ba mhaith liom ár mbuíochas a ghabháil libh as an dlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus as an rún a d'fhoilsigh CESE – 'An cogadh san Úcráin agus an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil a bheidh aige.' Gabhaimid buíochas libh as an tacaíocht ó Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÚcráine a chabhraigh linn nasc níos cóngaraí a dhéanamh leis an Aontas Eorpach. Is é an chéad chéim i dtreo láithreacht bhuan de chuid na hÚcráine a bhunú sna hinstitiúidí Eorpacha ná an t-áitreabh seo a dheonú dúinn.'

Leag **Marta Barandiy**, cathaoirleach *Promote Ukraine*, béim ar an méid seo a leanas: 'Tá deis labhartha tugtha ag na hinstitiúidí Eorpacha dúinn. Anois, tá an spás curtha ar fáil dúinn chun obair a dhéanamh. Spás chun comhoibriú le sochaí shibhialta na hEorpa.'

Bainfear úsáid as na hoifigí agus an áit pháirceála ag foirgneamh B68 (Rue de Trèves 74), chomh maith le tacaíocht riaracháin agus lóistíochta (trealamh, printéirí agus seirbhísí TF) chun gníomhaíochtaí sochaí sibhialta na hÚcráine a chomhordú. Ar an gcaoi sin, tá CESE ag éascú obair na heagraíochta neamhrialtasaí seo, agus áit shábháilte á cur ar fáil aige do *Promote Ukraine* i gcroílár na hEorpa. (ab/ehp)

# COMHALTAÍ CESE I MBUN CUR SÍOS

## Flaithiúlacht uathúil as cuimse i leith mhuintir na hÚcráine

'Ó cuireadh tús leis an gcogadh, tá flaithiúlacht uathúil as cuimse feicthe againn, sampla ar leith den dlúthpháirtíocht, den aontacht agus den altrúchas i leith mhuintir na hÚcráine. Tá iarrachtaí éachtacha déanta ag ár gcomhaltaí agus ag a gcuid eagraíochtaí chun teacht le chéile agus tá rún daingean acu lámh chúnta a thabhairt do dhídeanaithe na hÚcráine'.

Féach ar Leas-Uachtarán CESE, Cillian Lohan, agus é ag déanamh cur síos ar iarrachtaí leanúnacha na sochaí sibhialta tacú leis an Úcráin a bhfuil drochbhail uirthi ag an gcogadh.



## Táimid ag cabhrú le fiontraithe na hÚcráine na foirgnimh léirscriosta a fhágáil ina ndiaidh agus a ngnólachtaí a chruthú as an nua sa Pholainn

**Tomasz Wróblewski, comhalta de CESE, an Pholainn**

**Nuair a bheidh deireadh leis an gcogadh seo, ní ar an Dara Cogadh Domhanda ná ar an gCogadh Fuar a smaoineofar níos mó mar am cinniúnach i stair na hEorpa, ach ar gach rud atá ag titim amach san Úcráin faoi láthair agus na hiarmhairtí aige sin, rud nach féidir a thuar go fóill. An taithí atáimid a fháil anois agus na ceachtanna a fhoghlaimeoimid as an taithí sin, athróidh sé an dearcadh atá againn ar an domhan.**

Maidir leis an bPolainn, beidh cuimhne shíoraí ar an am seo mar am cinniúnach i bpróiseas tógála an náisiúin. An méid atá foghlamtha againn faoi leochaileacht an tsaoil seo agus na milliúin daoine ag teitheadh ón olc, agus an méid atá foghlamtha againn fúinn féin trí lóistín a chur ar fáil inár dtithe féin do na céadta míle duine ón gcoigríoch, fágfaidh sin a rian orainn go ceann blianta fada.

Déantar tagairt uaireanta d'Úcráiniú na Polainne, claochlú anama an dá thír seo.
Tá cóiríocht, cabhair agus áiteanna i scoileanna agus i naíolanna aimsithe ag 2.7 milliún duine a tháinig isteach thar teorainn chugainn.

Tá gach duine ar m'aithne agus daoine a fheicim ar an tsráid nó sna siopaí ag cabhrú ar shlí éigin. Gach duine ar a bhealach féin. Na daoine is cróga inár measc, tá cógais agus veisteanna piléardhíonacha á n-iompar acu chun na hÚcráine. Tá daoine eile ann a bhfuil a gcuid ama saoir á chaitheamh acu ag cabhrú le hinimircigh doiciméid a líonadh, cuntais bhainc a oscailt nó obair a lorg. Na daoine atá ar an teorainn, tá an lá ar fad á chaitheamh acu ag cur fáilte roimh na dídeanaithe agus tá a líon siúd ag dul i méad.

Bíonn siad ag ullmhú bia dóibh, ag eagrú síob chuig cathracha nó tíortha eile dóibh, agus ag dáileadh an iliomad ní a deonaíodh, e.g. pluideanna, málaí droma, teidithe do na leanaí, nithe atá ag teacht as gach cearn den domhan chomh fada leis an teorainn.

An rud is féidir linn a dhéanamh mar chomhaltaí d'eagraíocht fiontraithe ná cabhrú sa réimse sin is fearr eolas againn air. Táimid ag cabhrú le fiontraithe na hÚcráine a ngnólachtaí a chruthú as an nua sa Pholainn, ag cabhrú leo na monarchana, na siopaí, na clinicí agus na sciamhlanna léirscriosta a fhágáil ina ndiaidh agus post a aimsiú dóibh sa Pholainn. Is daoine iad ar minic a dtithe, a slí mhaireachtála agus a muintir caillte acu.

I lár chathair Vársá, tá oifig atá dírithe ar eagraíochtaí fhiontraithe na hÚcráine. Chomh maith le spás oifige agus tacaíocht riaracháin, táimid ag cabhrú leo spás a aimsiú do chuideachtaí atá ag iarraidh a ngnólachtaí a atógáil sa Pholainn. Thosaíomar amach trí na scórtha míle méadar cearnach de spás tionsclaíochta a fháil ar cíos. A bhuí le flaithiúlacht na gcuideachtaí Polannacha i gceantar tionsclaíochta Vársá, is féidir le fiontraithe ón Úcráin spás a fháil saor in aisce. Ní gá dóibh íoc ach as an uisce agus an bailiúchán bruscair.

Tar éis beagnach dhá mhí de ghéarchéim seo na ndídeanaithe sa Pholainn, níor cruthaíodh fós campa dídeanaithe amháin ná aon ionad eile ina mbeadh dínit an duine ná sábháilteacht daoine i mbaol.

Tá tús á chur le céim nua sa chogadh san Úcráin, agus sa Pholainn freisin. Táimid ag iarraidh go mbeadh na daoine uile a fuair tearmann anseo in ann dul i mbun cúraimí an tsaoil arís. Ní féidir linn a dtír a thabhairt ar ais dóibh, ach, ar a laghad, trí phost a thabhairt dóibh, táimid ag cabhrú leo gnáthshaol de chuma éigin a bheith acu.



# Cabhair dhaonnúil tugtha ag comhaltaí de CESE don Úcráin

**arna scríobh ag Marcin Nowacki, comhalta de CESE, an Pholainn**

**An 8 Márta 2022, d’eagraigh eagraíocht sa Pholainn (ZPP) lena mbainim i gcomhar le Fondúireacht Kulski (a bhfuil baint ag Małgorzata Bogusz, comhalta eile de CESE, leis) conbhua daonnúil beag gasta.**

Ba é an dara turas a tugadh an tseachtain sin féin é. Chuaigh mé go Lviv na hÚcráine le Małgorzata Bogusz agus Tom Palmer, Leas-Uachtarán Líonra Atlas, ó na Stáit Aontaithe. Ba é an cuspóir a bhí leis an turas cógais agus ábhair leighis agus sláinteachais a chur ar fáil do mhuintir na hÚcráine. Agus lán dhá bhus de sholáthairtí againn, bhaineamar amach an pointe cruinnithe a chuir ár gcomhghleacaithe Úcránacha in iúl dúinn. Is ansin a dhéantar na táirgí a phacáil agus a dháileadh ar na háiteanna is mó riachtanas.

Bhí scuaine fhada shíoraí de ghluaisteáin agus busanna romhainn feadh na teorann idir an Pholainn agus an Úcráin, agus iad ag déanamh a slí i dtreo na Polainne. Ar an drochuair, níl aon lagú ag dul ar an ngá atá le sibhialtaigh a aistriú amach; a mhalairt sin, is amhlaidh atá fás seasta faoin ráta aslonnaithe. Faoin 10 Márta 2022, bhí an Pholainn tar éis fáilte a chur roimh bhreis agus 1.5 milliún Úcránach cheana féin.

Ar an mbealach dúinn go Lviv ghabhamar thar roinnt seicphointí. An ceann is mó orthu, bhí sé daingnithe ag an arm agus suite ag an mbealach isteach go dtí an chathair. Áit ghriothalánach is ea Lviv agus é beo le daoine. Bhí na céadta míle duine sa chathair sa bhreis ar an méid a bheadh ann de ghnáth. Ionad aistrithe agus lóistíochta is ea Lviv faoi láthair atá ag fóirithint ar lár agus ar oirthear na hÚcráine. Ar imeallbhoird na cathrach, bhuaileamar lenár dtreoraí, a thug sinn amach go dtí an t-ionad lóistíochta. Bhí foireann daoine ag fanacht ann agus chrom siad láithreach bonn ar na soláthairtí a dhíluchtú. Rinneadh na táirgí go léir a shortáil agus a chlárú go cáiréiseach. B’éifeachtach agus b’éachtach mar a rinneadh an próiseas a bhainistiú, agus tar éis dúinn ár gcuid oibre a chríochnú, bhí uain againn ar thuairimí a mhalartú le chéile faoi chúrsaí mar a bhí sa tír i láthair na huaire sin agus faoi na nithe atá de dhíth go dóite ar mhuintir na hÚcráine. Tá a ndoirse ar leathadh ag muintir Lviv agus cóiríocht, bia agus modhanna iompair á gcur ar fáil acu do dhídeanaithe ó limistéir atá faoi ionsaí ag an Rúis.

Le linn dom a bheith ann, chuir ár gcomhghleacaithe san Úcráin in iúl dúinn na moltaí agus na riachtanais is mó atá acu. D’oibríomar as lámh a chéile gach lá agus is mór an onóir liom é a dteachtaireacht a chur in iúl thar a gceann. Baineann na moltaí agus na riachtanais atá acu le trí réimse bhunúsacha: an réimse polaitiúil, an réimse míleata agus an réimse sibhialta. Seo a leanas na cinn is práinní díobh:

- Cúnamh airgeadais agus soláthairtí trealaimh mhíleata a chur ar fáil, ar cúram é a thiteann ó cheart ar rialtais agus ar chuideachtaí móra.
- Brú agus smachtbhannaí cuimsitheacha a chur ar an Rúis agus ar an mBealarúis nach féidir éalú uathu. Beimidne caillteach leis na bearta seo freisin agus ní mór dúinn glacadh leis sin. Is lánmhithid dúinn ár mbeartas fuinnimh a leagan amach as an nua.

Faoi na rialtais náisiúnta, faoi eagraíochtaí na bhfostóirí agus na n-oibrithe agus faoin tsochaí shibhialta ina hiomláine atá sé a gcion féin a dhéanamh chun na bearta nithiúla riachtanacha sin a chur i gcrích:

- Tacaíocht a thabhairt i bhfoirm soláthairtí táirgí leighis.
- Soláthairtí riachtanacha eile a chur ar fáil de réir a bhfuil sonraithe ag ár gcomhpháirtithe.
- Tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a aistríodh. Ar ár mbealach abhaile ón Úcráin, bhí sé d'onóir againn daoine a bhí ag teitheadh as an tír a thabhairt linn. Rogha eile atá ann ná tacaíocht a chur ar fáil cois teorann agus cuidiú le daoine a slí a dhéanamh as sin.
- Fáilte a chur roimh theaghlaigh a thagann go dtí na Ballstáit agus cóir a chur orthu. Tá tíortha an réigiúin seo ag brath orainne chun áiteanna a chur ar fáil inar féidir le dídeanaithe fanacht, cuir i gcás i seomraí spártha inár dtithe nó inár n-árasáin fholmha. Maidir leis an bPolainn, tá fáilte curtha aici roimh os cionn 2.8 milliún dídeanaí cogaidh cheana féin.
- Simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas faoina ndéantar poist a chuardach dóibh siúd ar féidir leo obair a dhéanamh agus a bhfuil fonn oibre orthu.

Ba mhaith liom treise a chur air gur géarchéim nach bhfacthas a leithéid cheana i stair nua-aimseartha na hEorpa í géarchéim leanúnach na ndídeanaithe. Ionas go mbeifear in ann dul i ngleic léi, ní mór ról a thabhairt don tsochaí shibhialta sna Ballstáit uile.

---




## Cosaint tugtha sa Rómáin do dhídeanaithe ón Úcráin

**Le Ionuţ Sibian, comhalta de CESE, an Rómáin**

**Sa Rómáin, chuaigh roinnt eagraíochtaí sochaí sibhialta lena n-áirítear FONSS, *Afterhills Association*, *Parentis Association* agus *Our Smile Group Association* i bpáirt le Bardas Iași chun ionad dídeanaithe a chur ar bun dóibh siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin. Léirítear leis an tuairisc bheag seo thíos de chuid comhghleacaí liom, Mihaela Muntean, na scéalta maoithneacha a bhíonn romhainn go rialta na laethanta seo.**

Iovana ab ainm don chéad teifeach a tháinig chuig an Ionad Cúnaimh Dhaonnúil agus Shóisialta do Dhídeanaithe CTR Nicolina Iași. Ní raibh Iovana ach tagtha ar an saol seo coicís roimhe sin - beag bídeach agus ciúin i mbaclainn a máthar, agus í sin ciúin freisin agus dath an bháis uirthi tar éis an leanbh a shaolú i bhfoscadh tar éis turas 21 lá a chur di. Ansin, tháinig Roman, fear ard arbh athair an linbh é, a mháthair agus a sheanathair 86 bliana d'aois. Ceithre ghlúin d'aon teaghlach amháin ag teacht amach as gluaisteán luchtaithe agus iad ag siúl go mall i dtreo an fháiltithe.

- Cén áit as ar tháinig sibh?
- Ó Kharkov!
Pian géar na pianbhreithe le cloisteáil in ainm na háite sin.

Ní raibh an t-ionad oscailte go hoifigiúil faoin am sin, ach bhí glao faighte againn ó dhuine dár gcomhghleacaithe ón bpointe custaim agus d'iarr sé orainn an mbeimis in ann iad a thógáil isteach mar sin,

ligeamar dóibh fanacht ar an dá urlár do dhaoine leochaileacha.

Saolaíodh an cailín óg trí lá tar éis dóibh an baile a fhágáil agus uafáis na cogaíochta faoi lánseol timpeall uirthi. A leithéid de thaithí ar an sceimhle don mháthair óg! Caithfidh go raibh Roman idir dhá chomhairle faoinar cheart dó a dhéanamh; dualgas dul chun troda ar thaobh amháin agus a oiread sin daoine leochaileacha le cosaint aige ar an taobh eile.

Ar theacht amach as an ngluaisteán dóibh lena gcuid málaí, dúradar go raibh fonn mór codlata orthu. B’shin uile. Tar éis na chéad oíche, dúradar liom go raibh an teach s’againne an-chiúin go deo. Mar sin féin, ní raibh an cailín beag bídeach ar a suaimhneas agus níor labhair an seanleaid a bhí radharc a shúl ag dul in olcas le duine ar bith. Bhí taithí aige ar chogaí ó bhí sé féin óg. D’imigh sin is tháinig seo, áfach, agus seanfhear críonna caite a bhí anois ann, maide siúil mar thaca aige, taithí saoil mar ualach aige, agus é ag bogadh go hamscaí ó tholg go tolg.

An chéad lá san ionad, bhí Iovana in ann folcadh agus suathaireacht leanaí a bheith aici, a bhuí le foireann ParentIS. Chun an fhírinne a insint, d’fhanamar ar fad timpeall orthu. An mhaidin dar gcionn, bhí a scíth ligthe acu rud beag tar éis codladh na hoíche a fháil. Níor dhúisigh an duine beag i rith na hoíche lena cothú fiú.

Bhí an saol suaimhneach ansin ar feadh cúpla lá – le seanmháthair chainteach lách, le máthair cháiréiseach shuáilceach, agus le naíonán gleoite nuabheirthe. Níorbh fhada gurb é Roman féin a tháinig i gcabhair ar theifigh eile. Chabhraigh sé ar bhealach ar bith arbh fhéidir leis, buíoch b’fhéidir as an deis cúiteamh a dhéanamh as an gcabhair a tugadh dó féin. Chuamar i mbun níocháin agus scéalta á n-insint againn dá chéile. Tháinig aoibh níos fearr ar an seanfhear chun gur bheannaigh sé muid agus gur tháinig sé chun an bhoird agus é go maith in am.

Briseadh ar an suaimhneas arís tar éis cúpla lá nuair a rinne máthair Roman, a bhean chéile agus a iníon iarracht a mbealach a dhéanamh chun na Beilge. Ag an aerfort, ba léir nach bhféadfadh duine ar bith acu fágáil seachas a mháthair. Ní raibh pas bithmhéadrach ag a bhean chéile.

Ní bheidh tuiscint agam riamh ar mhóthúchán na mná sin, a d’fhág a mac, a gariníon agus a hathair ina diaidh. Nuair a d’fhill Roman agus an leanbh ina bhaclainn aige, bhíomar ar fad trí chéile. Ar deireadh, d’éirigh leo teacht ar bhealach chun go bhféadfadh an mháthair óg agus an leanbh fágáil. Ní raibh fágtha ansin ach na fir – iad tromchroíoch tostach, a smaointe féin acu beirt ach gan tada le déanamh ag ceachtar acu faoin scéal. Níorbh fhada go rabhadar ar an mbóthar arís. Ina ndiaidh, fágadh cuimhne de chomhghleacaí sealadach ar dhídeanaí é, den lúcháir a bhí orainn uilig an mhaidin a tháinig máthair an linbh leis an dea-scéal go raibh an leanbh óg ar a suaimhneas agus go raibh codladh na hoíche faighte aici, agus fágadh nóta buíochais scríofa ag Roman inar cuireadh in iúl an gliondar croí a bhí orthu a bhuí le breith Iovana – an leanbh a dhiúltaigh glan gan a haghaidh a chur le haer tráth a bhí an bás go forleathan timpeall uirthi.



## An Ungáir: ag cabhrú ar gach slí is féidir

**Le Zsolt Kükedi, comhalta de CESE, an Ungáir**

**Is toscaire mé in eagraíocht chomhshaoil agus is maith atá a fhios agam gur beag machnaimh is féidir linn a dhéanamh faoin gcomhshaol agus an tragóid dhaonna seo ar leac an dorais againn. Tuigim freisin gur cabhair mhór dóibh siúd atá ag cur cóiríocht ar fáil do dhídeanaithe fiú an comhartha is simplí spéise, comhbhá agus cúnaimh.**

Toisc go mbím ag obair i réimse na forbartha réigiúnaí, tá aithne agam ar a lán méaraí áitiúla agus cathaoirleach contae a bhí sásta a n-ionaid agus a bhfoirgnimh phoiblí a thairiscint láithreach do dhídeanaithe a luaithe a bhris an cogadh amach. Bhí baile beag amháin ann nach raibh fiú 700 duine ina gcónaí ann a chuir cóiríocht ar fáil do níos mó ná céad duine. Ó shin i leith, tá bia á chur ar fáil dóibh, díon á choinneáil os a gcionn agus éadaí á ní dóibh sa bhaile beag sin. Díreach tar éis thús an chogaidh, nuair a d’fhill mé abhaile ó sheisiún iomlánach CESE, scríobh mé chuig 18 gcomhalta rialtais áitiúil, méara agus cathaoirleach contae in oirthear na hUngáire le fáil amach cad go díreach a bhí ag tarlú ina gceantair agus cad a d’fhéadfaimis a dhéanamh as Búdaipeist chun cabhrú leo. Ní raibh sé ar intinn agam dul caoldíreach chuig an teorainn, toisc gur féidir leo siúd a mbíonn díocas orthu tabhairt faoi obair dheonach a bheith ina mbac seachas ina gcabhair sna laethanta tosaigh den obair dhaonnúil.

D’fhreagair naonúr as an ocht nduine dhéag a ndearna mé teagmháil leo. Is dócha nach raibh an t-am ag na daoine eile chun ríomhphoist a léamh nó freagra a thabhairt orthu, rud a thuigfeá go hiomlán sa chás seo. Iad siúd a d’fhreagair, áfach, dúirt siad gur chuir mo litir ar a suaimhneas iad. Ní an tairiscint chabhrach féin, fiú, ach go rabhamar ag smaoineamh orthu agus gur thuig siad go raibh duine éigin ann a d’fhéadfaidís dul chuige, dá mba ghá sin, rud a thaitin liom a chloisteáil. D’iarr duine amháin airgead orm mar go raibh pluideanna agus táirgí glantacháin le ceannach. Dhírigh duine eile m’aird ar ionad a bhí ag lorg síntiús. Ach tríd is tríd, gheall siad go rachaidís i dteagmháil liom dá rachadh cúrsaí in olcas agus nach bhféadfaidís é a sheasamh níos faide ar bhonn airgeadais nó pearsanta.

Ghlacamar páirt freisin i gcineál eile cabhrach: ag bailiú soláthairtí leighis agus á seachadadh chucu siúd a bhfuil gá acu leo ach nach féidir leo teacht orthu agus cúrsaí mar atá. Rinneamar málaí stóma a sheachadadh ó ionad oibre mo mhná céile. Is coimeádáin speisialta iad do dhaoine nach féidir leo feidhmeanna an choirp a chleachtadh go nádúrtha de dheasca éalaing nó galar a théann i bhfeidhm ar chodanna áirithe de chonair an díleá nó an fhuail. Déantar fuíoll an choirp a fhearadh trí oscailt, nó stóma, in áit ar leith ar bhalla an bhoilg. Bíonn gá ag othar le mála amháin in aghaidh an lae. Ní raibh aon súil againn leis go mbeadh orainn na málaí bunriachtanacha sin a iompar. Ach tá an saol chomh casta sin anois gur féidir a thuiscint go mbeadh orainn, i gcás den sórt seo, dul i ngleic le riachtanais neamhghnácha.

I gcruinnithe ár rannóige in CESE, phléamar an cogadh idir an Úcráin agus an Rúis agus an tionchar a bheadh aige. Iarradh orm glaoch ar chainteoir a bhí i mbrollach an chatha, chomh maith le saineolaí núicléach, chun tuiscint a fháil ar an mbagairt a bhaineann le stáisiúin cumhachta núicléiche na hÚcráine. Ós rud é go bhfuil aithne agam ar roinnt mhaith daoine san Úcráin de bharr na hoibre forbartha a bhíonn ar bun agam, d’éirigh liom teagmháil a dhéanamh le Serhii Prokopenko, fear óg de bhunadh Kharkiv, speisialtóir sa nuálaíocht agus san fhiontraíocht, comhairleoir agus taighdeoir eacnamaíochta. Thug sé tuairisc dúinn díreach ó láthair an chatha as buncar in Kharkiv toisc buamáil a bheith déanta ar an gceantar a raibh sé ann

go gairid sular thosaigh ár gcruinniú. Bhí air malartú ar feadh tamaill leis an saineolaí núicléach ón Ungáir a labhair ina dhiaidh, toisc gur thit an nasc idirlín san áit a raibh sé. Tá an Dr Zsolt Hetesi, Comhalta Sinsearach Taighde in Ollscoil an Riaracháin Phoiblí, ag obair ar thaighde comhshaoil, fuinnimh agus inbhuanaitheachta ó 2005 i leith. Roimhe sin, bhí sé ar cheann de cheannairí an Ghrúpa Taighde um an bhForbairt Inbhuanaithe agus Acmhainní, agus tá a lán ar eolas aige faoin ngéarchéim a thagann as an róphlódú daonra agus ró-úsáid acmhainní. Mar shaineolaí ar ídiú acmhainní, rinne sé cur síos ar an gcás, an leochaileacht agus an dóchúlacht go dtarlódh tubaiste núicléach ag ceann ar bith de na ceithre stáisiún cumhachta núicléiche san Úcráin. Rinne sé iarracht an lucht éisteachta a chur ar a suaimhneas faoi nach bhfuil an chosúlacht air faoi láthair go bhfuil an domhan i mbaol láithreach ó na stáisiúin cumhachta núicléiche sin. Thosaigh tuairisc Serhii arís ina dhiaidh sin, agus bhí an cogadh le brath mar rud beo agus é ag labhairt. Fuair sé bualadh bos mór. Bhí an-bhá ag an rannóg leis an gcuntas a thug sé, agus ba dheacair dúinn díriú ina dhiaidh sin ar an méid a bhí ar siúl ag an rannóg.

Táim den tuairim gur cúram daonnúil atá anseo freisin: nasc a chruthú leo siúd atá scoite amach de thoradh an chogaidh agus an mhuinín gan bhonn is cosúil atá againn a chaitheamh dínn le go dtuigfimid fírinní loma an tsaoil agus gur féidir linn rud éigin a dhéanamh freisin, fiú agus muid i bhfad ar shiúl ó na fírinní féin.

---




## Rang oscailte maidir le stair na hÚcráine

**Le Tatjana Babrauskienė, comhalta de CESE, an Liotuáin**

**Is ábhar bróin agus díchreidimh do phobal oideachais na Liotuáine iad na gníomhaíochtaí míleata ionsaitheacha ar mórscála arna ndéanamh ag an Rúis faoi láthair san Úcráin. Tá tionscnamh seolta ag an bpobal sin, tionscnamh lena bhfoghlaimíonn an ghlúin óg faoi na miotais agus na fírinní a bhaineann le stair na hÚcráine.**

Tá sé an-tábhachtach tuiscint a fháil ar fhréamhacha agus ar chúiseanna an ionsaithe seo a tharla le déanaí agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Cúis amháin is ea an cogadh faisnéise arna eagrú ag an Rúis, a bhfuil bolscaireacht, bréagaisnéis agus bréagnuacht faoin Úcráin san áireamh ann.

Tá feachtas eagraithe ag Ceardchumann Oideachais agus Eolaíochta na Liotuáine (LŠMPS-LESTU) i scoileanna sa Liotuáin chun dul i ngleic leis an gcogadh faisnéise agus tacaíocht a thabhairt don Úcráin.
An 28 Feabhra, thugamar cuireadh do mhúinteoirí na n-ábhar go léir agus do cheannairí institiúidí oideachais a gcéad rang a mhúineadh chun tacú leis an Úcráin agus an fhírinne a insint faoina stair.

Thug Leas-Chathaoirleach LŠMPS/LESTU, **Audrius Jurgelevičius**, ar múinteoir staire é chomh maith, rang staire oscailte inar chlúdaigh sé 100 bliain de stair na hÚcráine agus bunús na státachta. Rinneamar an rang a chraoladh beo ar líne agus bhí deis ag na scoileanna uile sa Liotuáin páirt a ghlacadh.

Bhí trí chuspóir ag an rang: ar an gcéad dul síos, a léiriú gur náisiún neamhspleách í an Úcráin agus nach Rúisigh iad na hÚcránaigh. Ba é an dara cuspóir a léiriú go bhfuil muintir na hÚcráine ag tógáil a staire féin

agus a stáit féin, stát atá á bhainistiú acu anois. Ós rud é gur chruthaigh siad an stát iad féin, ní gá dóibh a bheith buíoch d'aon duine as cead a bheith acu a stát féin a bheith acu. Más rud é nach bhfuil siad faoi chomaoin duine ar bith, níl an ceart ag aon duine an stát a thógáil uathu. Ba é an tríú cuspóir den rang seo miotais éagsúla a nochtadh. D'fhéadfadh na miotais sin iompú ina mbréaga i gcomhráite faoi stair na hÚcráine.

Aistríodh ábhar na ranga cheana féin go Rúisis, Polainnis agus Béarla. Roinneadh ar fud an domhain é trí dhiaspóra na Liotuáine agus trí Education International.

D'ullmhaíomar greamáin agus thugamar cuireadh do dhaltaí iad a phriontáil agus a thaispeáint le linn na ranga chun a dtacaíocht don Úcráin a chur in iúl. D'iarramar orthu chomh maith íomhánna den rang a shábháil agus iad a sheoladh chugainn. Bhí deis againn an méid seo a bhaint amach agus tacaíocht agus dlúthpháirtíocht a chothú i gcomhar le pobal oideachais na Liotuáine.

Tá sé ríthábhachtach go seasfaimid le chéile. Ní mór dúinn a chinntiú nach gcuirfear insint eile ar an stair.

Is féidir teacht ar an rang le fotheidil Bhéarla ach cliceáil ar an nasc seo:
https://www.youtube.com/watch?v=G0lu8AM0o8c&t=17s

---



## Na hiarrachtaí atá déanta ag sochaí shibhialta na Liotuáine ar son na hÚcráine

**Le Emilis Ruželė, comhalta de CESE, an Liotuáin**

**Faoi thús mhí an Mhárta, bhí níos mó ná EUR 12 mhilliún deonaithe ag muintir na Liotuáine. Tá EUR 1 000 deonaithe ag m'eagraíocht ar a dtugtar *'Investors' Forum'* (Fóram na nInfheisteoirí) agus tá níos mó ná EUR 300 000 deonaithe ag ár mballchomhlachtaí ar eagraíochtaí éagsúla a chabhraíonn leis an Úcráin.**

Tá eagraíocht dheonach *Stiprūs Kartu* (Ní neart go cur le chéile), ag cabhrú maidir le hiompar, lóistín agus acmhainní eile a aimsiú do dhídeanaithe ón Úcráin. Tá leath na hoifige in Vilnius curtha ar fáil ag *'Investors' Forum'*, chun cabhrú leo, agus tá siad réidh le teaghlach dídeanaithe a óstáil ansin. Tá seomra curtha ar fáil agam féin chun glacadh le dídeanaithe i m'árasán féin.

Ar deireadh, in Vilnius bíonn daoine i mbun agóide lasmuigh d'Ambasáid na Rúise gach lá.

---




# Léirsithe poiblí sa Phortaingéil: ‘Níl cogadh uainn! Tá síocháin uainn!’

**Le Fernando Manuel Maurício de Carvalho, comhalta de CESE**

**An 10 Márta, agus é ag stealladh báistí, reáchtáladh léirsiú poiblí ar chearnóg Largo de Camões, an Lispóin. Labhair na hagóideoirí amach i gcoinne cogaí, smachtbhannaí agus iad siúd a dhéanann brabús ar airm a dhíol nó a úsáideann cogadh mar leithscéal chun míleatú a dhéanamh. Reáchtáladh léirsithe freisin in áiteanna eile sa tír.**

D’iompair na hagóideoirí i Liospóin bratacha gorma nó bána ar a raibh colmán a tarraingíodh de láimh agus an focal ‘síocháin’. Ba é ‘cur stop leis an gcogadh, tabhair deis don tsíocháin’ an teachtaireacht a sheas amach ag an imeacht, inar tugadh roinnt óráidí. I measc na n-óráidí sin, bhí ceann ó João Coelho, ó Chónaidhm Ghinearálta Oibrithe na Portaingéile (CGTP-IN), a cháin ‘seabhaic an chogaidh’ a thagann le chéile san Eoraip chun airm a mhéadú, agus iad siúd atá ag éirí níos saibhre ó airm a dhíol.

Chuir Cónaidhm Ghinearálta Oibrithe na Portaingéile a dlúthpháirtíocht in iúl le hoibrithe agus le daoine atá ina n-íospartaigh cogaidh agus, go háirithe, leo siúd san Úcráin. Bhí gníomhaíochtaí Chónaidhm Ghinearálta Oibrithe na Portaingéile bunaithe i gcónaí ar na prionsabail a bhaineann leis an bhfód a sheasamh ar son na síochána agus cogaí a cháineadh, agus béim á cur ar an ngá atá le cogaí a stopadh agus le seans a thabhairt don tsíocháin.

Iarraimid go mbeadh conair don idirphlé ann chun réiteach síochánta ar an gcoimhlint a chothú. Ní réiteach é cogadh, agus is ábhar imní dúinn staid na n-oibrithe agus shaoránaigh na hÚcráine, agus iad siúd ó gach thír, mar gurb iad an chéad ghrúpa agus an príomhghrúpa atá buailte ag cogadh agus ag léirscrios.

D’fhonn seasamh ar son na síochána, creidimid nach mór dúinn troid i gcoinne an mhíleatachais agus an rása arm, agus ag an am céanna díriú ar réiteach síochánta lena mbunaítear comhaontuithe nó sásraí le haghaidh idirphlé a bheidh bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach, ar chomhar agus ar shlándáil thíortha agus phobail na hEorpa. Mar sin, tá géarghá deireadh a chur leis an ngéarú míleata atá ar siúl faoi láthair.

Ní chuirtear stop le cogadh trí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm agus bíonn iarmhairtí dochracha ag na smachtbhannaí sin d’oibrithe agus do dhaoine, sna tíortha atá buailte ag an gcogadh agus in áiteanna eile. Léiríodh leis na smachtbhannaí i gcoinne tíortha amhail an Iaráic na héifeachtaí sin agus an meath ar dhálaí maireachtála is toradh orthu, mar aon leis na hiarmhairtí do thíortha eile. Ní mór bearta a ghlacadh anois chun dul i ngleic le hionsaithe ar chearta a chuireann dálaí maireachtála na n-oibrithe i mbaol.

Tá Cónaidhm Ghinearálta Oibrithe na Portaingéile á chur i bhfios go bhfuil gá le tacaíocht iomlán a áirithiú do dhídeanaithe, agus gach cineál ciníochais agus seineafóibe a chomhrac ag an am céanna, agus tá béim á leagan aige ar an ngá atá le tacaíocht dhaonnúil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh dhaoine san Úcráin agus sna tíortha comharsanachta.

Cuirimid in iúl arís eile ár ndlúthpháirtíocht le daoine atá ina n-íospartaigh cogaidh, go háirithe le muintir agus oibrithe na hÚcráine, ach freisin le daoine sa Phalaistín agus sa Sahára Thiar, in Éimin, sa tSomáil, sa tSiria agus san Afganastáin. Ag an am céanna, cuirimid i bhfios go láidir nach mór conair na síochána a thógáil i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe.

## ‘Is libhse na tithe againne’

Éist le comhalta de CESE **Ionuţ Sibian** ag déanamh cur síos ar an iarracht ollmhór atá déanta ag sochaí shibhialta na Rómáine do dhídeanaithe ón Úcráin agus iad ar lorg dídean ón gcogadh, agus é ag spreagadh sochaí shibhialta na hEorpa ar fad chun fáilte a chur roimh a gcomharsan ón Úcráin: ‘Is í seo an teachtaireacht ba cheart dúinn a thabhairt don saol mór: Is libhse na tithe againne sa Bhruiséil. Táimid anseo agus tabharfaimid aire dár gcomhghleacaithe ón Úcráin chun líontán sábhála, tacaíocht mhorálta agus pé rud is gá a chur ar fáil daoibh’.

## Staid na Dlúthpháirtíochta Eorpaí

Féach ar **Antje Gerstein** ón nGearmáin agus í ag déanamh cur síos ar an gcabhair nithiúil atá á tabhairt ag sochaí shibhialta na Gearmáine do na dídeanaithe ón Úcráin.

‘Is cúis bhróid dom an slógadh tapa atá déanta againn maidir le gothaí nithiúla chun tacú leis an Úcráin, lena muintir, lena gnólachtaí agus leis an tsochaí shibhialta. Tá 4 000 tona bia seachadta chun na hÚcráine ag roinnt cuideachtaí miondíola agus cuideachtaí bia Gearmánacha. Is é seo an dlúthpháirtíocht Eorpach i mbun gnímh’.

## An Spáinn: Céatadán de bhuiséad UGT deonaithe le haghaidh cabhair dhaonnúil

**San fhíseán seo, tá sé á iarraidh ag comhalta Spáinneach de CESE, Salgado Manuel Garcia go mbeidh síocháin, dlúthpháirtíocht agus meas ann, agus gealltanas a cheardchumainn á fhógairt aige dul i gcabhair le muintir na hÚcráine a bhfuil drochbhail orthu de dheasca an chogaidh.**

‘Thar ceann *Unión General de Trabajadores,* príomhcheardchumann na Spáinne, cáinimid go géar an t-ionradh a rinne fórsaí armtha Vladimir Putin ar an Úcráin. Ní hamháin gur ionsaí é sin ar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh, ach is ionsaí é freisin ar shibhialtaigh. Tá sé á iarraidh againn go práinneach go mbeidh dlúthpháirtíocht agus cabhair dhaonnúil ann’.



## Freagairt pholaitiúil, eacnamaíoch agus straitéiseach ar an gcogadh san Úcráin

**Le Cinzia del Rio, comhalta de CESE, an Iodáil**

**Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, tiocfaidh athrú ar chaidrimh gheopholaitiúla agus eacnamaíocha ar fud an domhain, go háirithe idir an Rúis agus an tAontas Eorpach. Cháin an pobal idirnáisiúnta daonlathach agus gluaiseacht na gceardchumann go láidir an idirghabháil mhíleata uafásach seo. Tá saoránaigh thíos léi agus tá cathracha agus struchtúir shibhialta agus eacnamaíocha á scriosadh dá barr.**

Chuireamar in iúl go dtacaímid go hiomlán le muintir na hÚcráine agus d’eagraíomar léirsithe i gcoinne Putin agus a chogaidh gan chúis gan údar. Tacaímid le smachtbhannaí diana eacnamaíocha a thabhairt isteach i gcoinne na Rúise, rud a chuirfeadh brú ar an réimeas. Tar éis mí go leith, tá na hainghníomhartha fós ag tarlú. Is léir go bhfuil sé deacair aon rud a bhaint amach trí na conairí daonnúla. D’fhág na milliúin Úcránach a dtír chun dídean a lorg i dtíortha an Aontais agus tá líon níos mó easáitithe laistigh den Úcráin. Ina theannta sin, is beag dul chun cinn atá déanta maidir le sos cogaidh agus próiseas síochána.

Tá a ndlúthpháirtíocht dhaingean léirithe ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, ceardchumainn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud an Aontais, go háirithe sna tíortha atá ar theorainn na hÚcráine. Tá cabhair láithreach, cúram leighis, foscadh, bia, éadaí agus cógais leighis á gcur ar fáil acu do dhídeanaithe. Bhí ról ríthábhachtach ag an Treoir um Chosaint Shealadach chun cosaint agus cearta a ráthú dóibh san Aontas agus chun cuidiú leo dul i ngleic leis an ngéarchéim agus iad a lánpháirtiú sa tsochaí a mhéid is féidir. Thairis sin, ní mór dúinn a mheabhrú gur mná agus leanaí iad 80 % de na dídeanaithe, a bhfuil cruálacht agus foréigean cogaidh á bhfulaingt acu den chéad uair riamh, agus go mbeidh iarmhairtí síceolaíocha ag baint leis sin go deo. Ní mór don Aontas a bheith ar an airdeall chun cosaint na ngrúpaí leochaileacha sin a áirithiú agus chun dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine agus teacht i dtír gnéasach.

I bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, is láidre anois féiniúlacht náisiúnta na hÚcráine agus a treoshuíomh geopholaitiúil i dtreo dhaonlathas an Iarthair. Tá dlús curtha le tús phróiseas aontachais an Aontais agus tá an caidreamh idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe níos láidre chomh maith. Tá borradh curtha faoi láithreacht NATO ar theorainneacha na hÚcráine agus tugadh le chéile tíortha an Aontais, a cháin d’aon toil ionradh na Rúise agus brúidiúlacht an chogaidh. Mar sin féin, i ndiaidh an chéad phacáiste smachtbhannaí ón Aontas, a ndearnadh é a leathnú le déanaí chun allmhairí guail a chumhdach, níl sé indéanta faoi láthair cinneadh a dhéanamh i ndáil le cosc a chur ar allmhairí, go háirithe allmhairí gáis agus ola. Is é is cúis leis sin go mbeadh ar an Eoraip foinsí eile soláthair a lorg go tapa ionas nach mbeidh uirthi brath ar an Rúis ó thaobh an gheilleagair de. Ach nílimid ullamh go fóill. Tá aontoilíocht rialtais na hEorpa ag teastáil. Dá gcuirfí bac iomlán ar allmhairí fuinnimh ón Rúis, bheadh tionchar ollmhór aige sin ar OTI náisiúnta roinnt tíortha.

Dhúnfaí gnólachtaí agus bheadh ann do chaillteanais post i ndiaidh ghéarchéim na paindéime. Tógfaidh sé roinnt ama chun trádbhac iomlán ar ghás agus ar hidreacarbóin a bhaint amach, ach tá an bealach leagtha amach ina leith sin agus tá an caidreamh eacnamaíoch leis an Rúis a bhí ann roimhe seo curtha i leataobh go deo. Sa chomhthéacs sin, áfach, tá sé de fhreagracht ar an Aontas an méid atá fágtha de gheilleagar na hÚcráine a shábháil, sa chaoi is go seachnófar tubaiste fhadtéarmach agus go gcuirfear tús le hidirphlé nithiúil leis an Úcráin a mhéid a bhaineann leis an bpróiseas aontachais, gan dochar a dhéanamh do phróiseas aontachais na mBalcán Thiar.

Ní mór don Aontas bearta cúitimh a leagan síos chun aghaidh a thabhairt ar dhrochiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta na coimhlinte agus na smachtbhannaí gaolmhara ar ár dtíortha. Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de go mbeidh tionchar ag smachtbhannaí ar an Rúis ar spriocanna forbartha inbhuanaithe an Aontais, spriocanna a chomhaontaíomar in éineacht le hinfheistíochtaí phacáiste Next Generation EU. Ní mór dúinn cloígh leis na gealltanais maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus gné shóisialta níos fearr a áirithiú san Eoraip.

Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ag an gcogadh ar sholáthairtí bia domhanda agus Eorpacha. I ngeall ar ardú praghsanna, is measa fós staid na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí Eorpacha, a bhí ag streachailt cheana. Ní mór dúinn díriú ar bhearta chun an tslándáil bia a áirithiú san Aontas, sa ghearrthéarma tar éis an ionraidh agus san fhadtéarma araon. Idir an dá linn, níor cheart dúinn neamhaird a thabhairt ar an tionchar mór atá ag an gcogadh ar sholáthairtí bia i dtíortha lasmuigh den Aontas freisin. Is gá géarchéim shóisialta agus eacnamaíoch nua a sheachaint, agus ní mór amhantraíocht i bpraghsanna bia agus ola a stopadh agus ba cheart machnamh a dhéanamh ar bhearta chun cáin a ghearradh ar an mbrabús a d’fhéadfaí a dhéanamh air sin.

Ach is é an tosaíocht atá ann deireadh a chur leis an gcogadh agus bealach a aimsiú chun an chaibidlíocht agus an próiseas síochána a chur chun cinn. Ba cheart don Aontas a bheith ina fhíorghníomhaí agus ina phríomhghníomhaí mar go bhfuil a thodhchaí i mbaol. Tá buntáistí polaitiúla agus eacnamaíocha ag an tSín agus ag an Tuirc sa chaibidlíocht sin, ach níl na tíortha sin ar thús cadhnaíochta maidir leis an daonlathas agus le hurraim do chearta bunúsacha an duine. Is cor cinniúnach é sin i stair an Aontais Eorpaigh, agus beidh impleachtaí polaitiúla, eacnamaíocha agus straitéiseacha ann don domhan ar fad. Ní mór don Aontas freagrachtaí nua a ghlacadh air féin agus bogadh i dtreo comhtháthú polaitiúil níos láidre: ní féidir linn comhchóras cosanta a bheith againn gan comhbheartas eachtrach agus comhtháthú polaitiúil níos láidre agus níos comhtháite a chur ar bun. Is gá aon chéim a ghlacfar chun bogadh i dtreo cosaint chomhtháite a rialú go daonlathach agus go soiléir.

Ba cheart don bhaol go dtarlódh cogadh san Eoraip a bheith ina spreagadh do rialtais an Aontais próiseas lánpháirtíochta atá polaitiúil agus soiléir a bhunú faoi cheart na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.
Tá sé ríthábhachtach go gcosnódh an tAontas a luachanna agus go gcaomhnódh sé an tsíocháin a ráthaíodh san Eoraip le linn 70 bliain anuas.

---




## Tráth cinniúnach do Shochaí Shibhialta na hEorpa

**Le Andris Gobiņš, comhalta de CESE, an Laitvia**

**Is féidir le gach duine againn cabhrú chun saoirse níos marthanaí a bhaint amach ar bhonn níos tapúla. Seo a leanas roinnt samplaí ar conas is féidir é sin a dhéanamh, bunaithe ar an taithí a fuair**

**mé agus mé ag fás aníos i dteaghlach dídeanaithe agus ó bheith ag obair sa Laitvia faoi láthair.**

1. Ní mór dúinn a bheith soiléir faoinár spriocanna agus gníomhú dá réir.

Ní féidir an méid seo a leanas a shéanadh: Dá luaithe atá an Úcráin saor go hiomlán ó fhorghabháil agus sceimhle na Rúise, is lú dúnmharú, éigniú, céasadh, fulaingt agus damáiste a bheidh ann. Agus is lú an tionchar diúltach ar an gcuid eile den Eoraip.
Ní mór gach rud is gá a dhéanamh chun cabhrú leis an Úcráin an cogadh seo a bhuachan i gcoinne na sceimhealta agus chun todhchaí an Aontais agus na hEorpa a chaomhnú. Agus is féidir linne, mar shochaí shibhialta, cur leis an méid sin trí bhrú a chur ar na cinnteoirí agus plé a dhéanamh leo, trí ghníomhaíocht níos fearr agus trí naisc níos láidre le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.

2. D’fhéadfadh an tsochaí shibhialta an méid seo a leanas a éileamh ó na rialtais:
- gníomhaíocht ó pholaiteoirí (lena n-áirítear iad siúd atá ina mbaill de bhur n-eagraíochtaí nó a thacaíonn leo). Ní mór na hairm uile is gá a sheachadadh agus smachtbhannaí iomlána agus láidre a chur i bhfeidhm. Ní bheidh aon ghlacadh le ceansú. — Is é seo atá ag teastáil.
- gníomhaíocht láidir a bhunú chun scaipeadh na bréagnuachta agus na cúblála a theorannú agus cur ina choinne. – Tá gá le gníomhaíocht níos láidre ón Aontas.
- sásra síochána, téarnaimh agus athléimneachta a fhorbairt don Úcráin agus do na Ballstáit ar theorainn thoir an Aontais, agus an réigiún is cobhsaí agus is rathúla ar domhan a dhéanamh den réigiún sin.

3. Áirítear an méid seo a leanas leis na gníomhaíochtaí a d’fhéadfaí a dhéanamh laistigh den tsochaí shibhialta agus ar son na sochaí sibhialta:
- na hallmhairí uile ón Rúis, lena n-áirítear allmhairí fuinnimh, agus cuideachtaí a leanann de bheith ag comhoibriú leis an Rúis nó ag oibriú sa Rúis a bhaghcatáil, agus táirgí ón Úcráin a cheannach. – Ní mór dúinn níos mó a dhéanamh sa réimse seo.
obair i gcomhar leis an líonra neamhfhoirmiúil de cheardchumainn a dhiúltaíonn longa de chuid na Rúise a luchtú nó a dhíluchtú agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a chomhoibríonn leis an Úcráin agus a fhreastalaíonn ar a dídeanaithe. – Déanaimis gníomhaíocht sna réimsí uile seo!
- ceisteanna a bhaineann leis an Úcráin a chur san áireamh agus páirt a thabhairt d’ionadaithe na hÚcráine in bhur gcruinnithe uile laistigh de bhur n-eagraíochtaí agus líonraí, mar atá déanta againne i rannóga CESE agus inár seisiún iomlánach. Leanaimis ar aghaidh leis an obair mhaith seo.

Conclúidí. — níor cheart tairbhí ná sochair ar bith a bheith ann don ionsaitheoir sa chás seo – an Rúis. Is é an tAontas a bhainfidh an tairbhe is mó má thagann an Úcráin chun bheith ina Ballstát.

Mar atá luaite againn go soiléir inár Rún, tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach don Aontas agus don chomhphobal idirnáisiúnta nach n-athrófaí teorainneacha trí mhodhanna míleata, agus nach mbainfeadh an t-ionsaitheoir leas as aon tairbhe. Ní mór cloí leis an smacht reachta, agus ní le cearta an té is láidre, agus ní mór cúiteamh iomlán a thabhairt don Úcráin. Mura ndéanfar amhlaidh, dhéanfaí an-dochar don Aontas, don tsíocháin dhomhanda agus bheadh costas ard daonna agus airgeadais ann.

Creidim gur cheart don Úcráin a bheith ina Ballstát iomlán den Aontas go han-luath agus creidim go dtarlóidh an méid sin. Bheadh an tAontas Eorpach níos láidre agus níos fearr as, dá mbeadh an Úcráin ina ball de. Níl aon amhras ach go bhfuil spreagadh leordhóthanach san Úcráin chun na hathchóirithe is gá a thabhairt chun críche agus go mbeadh tionchar dearfach ar luachanna agus ar na beartais ghaolmhara san Aontas.

Mar a tharlaíonn, tá tionscnamh curtha ar bun ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta sa Laitvia chun lusanna na gréine a phlandáil ar Lá na hEorpa, an 9 Bealtaine, faoi na haischlibeanna #UkraineSolidarity agus #UkraineInTheEU. Beidh príomhinstitiúidí an Aontais agus gníomhaithe eile páirteach ann agus tugtar cuireadh daoibh páirt a ghlacadh chomh maith.

# Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

# Contributors to this issue

Amalia Tsoumani (at)
Agata Berdys (ab)
Ewa Haczyk-Plumley (ehp)
Giorgia Battiato (gb)
Thomas Kersten (tk)

# Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Technical support
Bernhard Knoblach (bk)


# Address


European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76
Email: eescinfo@eesc.europa.eu



EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.


Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link  is sent to the editor.



05/2022